Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Bealtaine 2017**
**(OR. en)**

**9728/17**

**RECH 210**
**COMPET 452**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9267/17 RECH 169 COMPET 386 |
| Ábhar: | Faireachán agus tuairisciú a dhéantar i réimse an taighde agus na nuálaíochta a shruthlíniú<br>- Conclúidí ón gComhairle (a glacadh ar an 30 Bealtaine 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le 'Faireachán agus tuairisciú a dhéantar i réimse an taighde agus na nuálaíochta a shruthlíniú', mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3544ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl ar an 30 Bealtaine 2017.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN GCOMHAIRLE MAIDIR LE FAIREACHÁN AGUS TUAIRISCIÚ A DHÉANTAR I RÉIMSE AN TAIGHDE AGUS NA NUÁLAÍOCHTA A SHRUTHLÍNIÚ

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS

AG MEABHRÚ AN MHÉID SEO A LEANAS DI:

– a cuid conclúidí ón 1 Nollaig 2015 maidir leis an athbhreithniú ar struchtúr comhairleach an Limistéir Eorpaigh Taighde[1], ina n-iarrtar ar an gCoimisiún agus ar na grúpaí gaolmhara de chuid LET réimsí a aithint – réimsí ina bhféadfaí ualaí faireacháin agus riaracháin a laghdú trína thuilleadh sruthlínithe a dhéanamh;

– a cuid conclúidí ón 26 Bealtaine 2016 maidir le "Rialáil níos fearr chun treisiú leis an iomaíochas"[2] inar fháiltigh an Chomhairle roimh an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal "Rialáil níos fearr le haghaidh torthaí níos fearr - clár oibre de chuid an Aontais" ón 19 Bealtaine 2015[3], agus go háirithe na treoirlínte maidir le faireachán atá sa doiciméad oibre de chuid an Choimisiúin ina leagtar amach na treoirlínte maidir le rialáil níos fearr[4],

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil an faireachán agus tuairisciú a dhéantar ar fheidhmíocht i réimse an taighde agus na nuálaíochta, i dteannta cur chun feidhme beartas agus thionchar na mbeartas sin, go bhfuil siad ina ngnéithe lárnacha de cheapadh beartas fónta, fianaise-bhunaithe agus éifeachtach i réimse an taighde agus na nuálaíochta, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.

2. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tuairim arna glacadh ag an gCoiste um an Limistéir Eorpaigh Taighde agus um Nuálaíocht (CLETN) maidir leis an tuairisciú agus faireachán a dhéantar i réimse an taighde agus na nuálaíochta a shruthlíniú[5] agus IARRANN sí go gcuirfear chun feidhme a luaithe is féidir í.

[1] 14875/15.
[2] 9580/16.
[3] 9079/15.
[4] 9079/15 ADD 2.
[5] CLETN 1202/17.

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go n-ullmhaíonn agus go bhfoilsíonn an Coimisiún tuarascálacha ardcháilíochta faoi ghnéithe éagsúla d'fheidhmíocht agus de bheartais i réimse an taighde agus na nuálaíochta a aithnítear sa tuairim de chuid CLETN[6] arb é is aidhm leo, cur le ceapadh beartas an Aontais i réimse an taighde agus na nuálaíochta.

4. AITHNÍONN sí gur gá faisnéis cháilíochtúil agus sonraí cainníochtúla a bhailiú go rialta chun faireachán iomchuí ar fheidhmíocht, i réimse an taighde agus na nuálaíochta, agus faireachán iomchuí ar bheartais, a áirithiú, ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach, más iomchuí, le bonn fianaise fónta a sholáthar le haghaidh cinntí beartais agus córais éifeachtacha éifeachtúla a spreagadh i réimse an taighde agus na nuálaíochta.

5. LÉIRÍONN SÍ GO hÁIRITHE gur ríthábhachtach an t-ualach suntasach riaracháin atá ar na Ballstáit agus ar thíortha a bhfuil baint acu le Fís 2020 a laghdú trí shruthlíniú a dhéanamh. Ba cheart an sruthlíniú a dhéanfar ar phróisis faireacháin agus tuairiscithe a bheith ag teacht le prionsabail na héifeachtúlachta, na comhréireachta agus an tionchair, chun an oiread úsáide is féidir a bhaint as na torthaí chun críche faireacháin agus le ceapadh beartas feabhsaithe agus fianaise-bhunaithe a éascú, agus na sainiúlachtaí i réimsí beartais náisiúnta an taighde agus na nuálaíochta a chur san áireamh.

6. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil tuilleadh iarrachtaí de dhíth, freisin, le leas a bhaint as an bhfaisnéis agus na sonraí a bailíodh, agus lena roinnt, agus chun an fhaisnéis agus na sonraí sin a thabhairt ar ais do na Ballstáit ar bhealach atá in oiriúint d'fhonn feabhas a chur ar cheapadh agus ar chur chun feidhme beartas, agus ar an dóigh a meastar iad.

7. AITHNÍONN sí an obair atá déanta cheana féin ag an gCoimisiún mar chuid dá iarrachtaí rialáil níos fearr a áirithiú i ngach aon réimse mar aon leis na hiarrachtaí díograiseacha sruthlínithe atá déanta aige i réimse an taighde agus na nuálaíochta, amhail comhar dlúth a dhéanamh agus leas a bhaint as sineirgí le OECD, nuair is infheidhme, trí shuirbhé comhpháirteach idirnáisiúnta a sheoladh ar bheartais eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta san áireamh (agus, leis seo, cuirtear in ionad suirbhéanna comhchosúla a dhéantar trí CLETN iad), deireadh a chur leis na "próifílí tíre i réimse an taighde agus na nuálaíochta" a bhí ann roimhe seo agus grafaicí faisnéise tiomnaithe a chur ina n-ionad agus na tuarascálacha tíre de chuid RIO a ghiorrú agus a thabhairt chun cruinne.

---

[6] amhail an Scórchlár Eorpach Nuálaíochta, Tuarascáil Feidhmíochta an Aontais maidir leis an Eolaíocht, an Taighde agus an Nuálaíocht, an Scórchlár Tionsclaíochta Taighde agus Forbartha, na figiúirí maidir le mná, na tuarascálacha tíre de chuid na Faireachlainne Eorpaí um Thaighde agus Nuálaíocht (RIO), an tuarascáil ar dhul chun cinn de chuid LET agus an tuarascáil ar chur chun feidhme na straitéise um chomhar idirnáisiúnta i réimse an taighde agus na nuálaíochta.

8. AITHNÍONN sí an ról uileghabhálach atá ag CLETN agus na grúpaí gaolmhara de chuid LET chun LET a chur chun feidhme. CUIREANN SÍ I dTREIS gur den tábhacht é go leanfadh an Coimisiún d'idirphlé rialta a fhorbairt le CLETN faoi shaincheisteanna a bhaineann le faireachán agus tuairisciú.

9. AONTAÍONN SÍ leis an gcur chuige a ghlac CLETN ina thuairim faoi shruthlíniú i dtaobh an mhéid seo a leanas:

- ba cheart dúbláil ar iarrataí chuig Ballstáit ar fhaisnéis chun críoch éagsúil a sheachaint, chun an "prionsabal aonuaire" a leanúint;
- ba cheart tráthchláir leormhaithe shoiléire a sholáthar chun faisnéis a sholáthar agus a athbhreithniú;
- ó thaobh a mhinice a dhéantar an tuairisciú de, ba cheart cothromaíocht a chinntiú idir an t-ualach riaracháin agus sonraí agus anailís den scoth, atá de réir a chéile, a thabhairt ar aird;
- príomhchritéir le haghaidh sruthlíniú is ea a úsáidí atá na tuarascálacha i réimse an taighde agus na nuálaíochta do cheapadh beartas agus an tionchar atá acu ar cheapadh beartas; ina fhianaise sin, is gá na sonraí a úsáidtear a chur i gcomhthéacs go leormhaith;
- ach rannpháirtíocht ó phobal na ngeallsealbhóirí trí chéile a chinntiú chun feasacht a ardú sa tsochaí, d'fhéadfaí luach an tuairiscithe, agus an úsáid a bhaintear as na sonraí a thagann as, a uasmhéadú.

10. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- dúbláil ar iarrataí ar fhaisnéis agus ar sheiceálacha faisnéise a dhéanann na Ballstáit agus tíortha a bhfuil baint acu le Fís 2020 a sheachaint trí lánúsáid a bhaint as na sonraí agus as an bhfaisnéis atá le fáil sa Choimisiún, i mbunachair sonraí oifigiúla Eurostat agus, más ábhartha, in OECD nó i stóir eile, i gcomhair staidéir ar conradh san áireamh; dul i dtuilleamaí an tsuirbhé chomhpháirtigh idir an Coimisiún agus OECD, a mhéid is féidir, le faisnéis a bhailiú agus féachaint an bhféadfaí faisnéis a sholáthar de réir a chéile faoi Bhallstáit agus faoi thíortha a bhfuil baint acu le Fís 2020 trí mheán pointe rochtana amháin;
- a mhachnamh a dhéanamh ar chuspóir, ábhar, cáilíocht, formáid agus aitheantas tuarascálacha atá ann cheana chun a straitéis tuairiscithe a athmheas;

– Ballstáit a chur ar an eolas luath go leor faoi iarrataí ar thuairisciú atá beartaithe, agus, más iomchuí, faoi na hiarrataí sin a bheidh mar chuid de staidéir choimisiúnaithe an Aontais i réimse an taighde agus na nuálaíochta, i bhfoirm féilire, de rogha ar aon fhoirm eile, a bheidh le cur faoi bhráid na mBallstát i dtús na bliana ó 2018 ar aghaidh; idirphlé oscailte a chothú agus a choimeád leis na Ballstáit agus iad a choinneáil ar an eolas faoi aon bhearta nua sruthlínithe atá ar na bacáin agus atá dírithe ar an ualach tuairiscithe agus faireacháin atá orthu a laghdú;
– ionchur agus aiseolas na mBallstát faoi na tuarascálacha ábhartha a chur san áireamh, más iomchuí, sula gcuirtear chun críche iad, go háirithe an léargas agus na sonraí gaolmhara de réir tíre a bhaineann leis an tuarascáil ar dhul chun cinn LET agus le tuarascálacha tíre RIO;
– uainiú na dtuarascálacha iomadúla a chur i gcomhthráth sa timthriall beartas chun go mbeadh na Ballstáit in ann líon is lú seiceálacha agus bailíochtaithe a dhéanamh, mar shampla, trí uainiú na dtuarascálacha tíre de chuid RIO a nascadh leis na tuarascálacha tíre de chuid an tsuirbhé chomhpháirtigh idir an Coimisiún agus OECD ar bheartais eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta agus leis an tuarascáil ar dhul chun cinn de chuid LET, agus trí na tuarascálacha sin a ailíniú le timthriall beartas 2 bhliain, ar éifeachtaí é ná mar a bhí, agus trína chur, ar an dóigh sin, le cáilíocht thuarascálacha tíre RIO;
– bealaí nua a fhorbairt chun an t-ualach tuairiscithe a laghdú agus an tionchar atá ag tuarascálacha a fheabhsú amhail r-uirlisí; cur lena réamhghníomhaí a dhéantar cumarsáid agus tuarascálacha a scaipeadh, chun go mbainfeadh na húsáideoirí deiridh leas breise as na hanailísí agus go dtiocfadh méadú ar an tuiscint atá acu ar an modheolaíocht a úsáidtear le beartais a cheapadh.

11. IARRANN SÍ ar na Ballstáit:

– feabhas a chur ar an gcomhar ar an leibhéal iomchuí eatarthu, idir aireachtaí agus oifigí staidrimh náisiúnta, lena áirithiú go soláthrófar an fhaisnéis agus na sonraí is gá go tráthúil cruinn, agus úsáid á baint as faisnéis atá cothrom agus de réir a chéile i ngach aon réimse;
– a áirithiú go ndéanfar tuairisciú rialta ar fhaisnéis atá ar fáil, ar ardchaighdeán, iontaofa agus leormhaith agus a bhaineann le forbairtí i réimse an taighde agus na nuálaíochta, ar aon dul leis an bpleanáil bhliantúil;
– cuidiú leis an tionchar atá ag tuarascálacha a mhéadú trína áirithiú go mbeidh siad ábhartha mar is ceart i dtaca le cúrsaí polaitiúla agus go mbeidh siad infheicthe a bhuí le gníomhaíochtaí for-rochtana ar an leibhéal náisiúnta agus trí oibriú i gcomhar le pobal na ngeallsealbhóirí trí chéile le feabhas a chur ar chur chun feidhme agus glacadh moltaí a dhírítear ar gheallsealbhóirí éagsúla i réimse na heolaíochta, na teicneolaíochta agus na nuálaíochta.

12. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a áirithiú go gcuirfear faisnéis i gcomhthéacs go leormhaith sna tuarascálacha, más ábhartha, trí léirmhínithe cáilíochtúla a áireamh i dteannta sonraí cainníochtúla, chun ardcháilíocht agus tuarascálacha ábhartha a áirithiú trína bhféadfaidh na húsáideoirí deiridh feabhas a chur ar an obair leantach agus ar ghníomhaíocht beartas, ach faisnéis a mhalartú faoi chuimsiú CLETN;
- malartú dea-chleachtas a éascú maidir leis an méid seo a leanas: faisnéis a bhailiú faoi fhorbairtí beartas i réimse an taighde agus na nuálaíochta, sonraí agus anailísí a sholáthar go tráthúil agus cáilíocht an mhéid sin, agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin i dtaca le tuairisciú amhail costas agus éifeachtúlacht na foirne acmhainní daonna;
- aon iarrataí ó sheirbhísí an Choimisiúin, ó na grúpaí gaolmhara de chuid LET agus ó ghrúpaí eile i réimse an taighde agus na nuálaíochta a chomhordú mar is cuí, lena áirithiú gur faisnéis ábhartha í nach bhfuil ar fáil cheana, chun dúbláil a sheachaint; bealaí a scrúdú chun pleanáil riachtanach thráthúil gach iarrata a áirithiú sa timthriall tuairiscithe seasta;
- cothromaíocht éifeachtacht a bhaint amach idir luach an tuairiscithe, a chur chun feidhme agus aon obair leantach riachtanach.